gretb

Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin

*Galway and Roscommon Education and Training Board*

# Leabhrán Eolais

## Folúntais Cúntóir Riachtanas Speisialta (CRS/ SNA) Bliain Acadúil 2026/ 2027

## Oileáin Árainnn, Scoil Ghaeltachta & Gaelcholáiste

**Dáta deiridh: 12:00 Dé hAoine 19 Meitheamh 2026**

**GRETB – Maidir Linne**

Údarás oideachais áitiúil reachtúil is ea Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin a fheidhmíonn de bhun théarmaí an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013.

Soláthraíonn an Bord cláir oideachais phríomhshrutha do scoileanna agus coláistí chomh maith le raon leathan clár d'aosaigh agus don phobal. An limistéar oideachais atá faoi chúram an Bhoird Cathair na Gaillimhe, Contae na Gaillimhe agus Contae Ros Comáin.

## Ár bhFís

Cuireann ár scoileanna deiseanna foghlama ar ardchaighdeán ar fáil trí eispéiris leathana curaclaim, idir acadúil agus feidhmiúil. Tá fáil ar sheirbhísí tacaíochtaí do dhaltaí trí na struchtúir tacaíochta tréadchúraim, treoir, creata foirne tacaíochta do mhic léinn agus an Clár Críochnaithe Scoile. Reáchtálann ár scoileanna raon leathan gníomhaíochtaí eis-churaclaim agus comhchuraclaim a thagann lenár gcroí-luachanna. Éascaíonn na gníomhaíochtaí sin forbairt iomlánaíoch gach dalta agus cabhraíonn siad a lánacmhainneacht daonna, spioradálta agus acadúil a bhaint amach.

**Liosta Scoileanna agus Coláistí Iar-Bhunscoile GRETB** Scoileanna Iar-Bhunscoile - GRETB | Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin

# FOLÚNTAIS CÚNTÓIR RIACHTANAS SPEISIALTA (CRS/SNA)
# BLIAIN ACADÚIL 2026-2027
# OILEÁIN ÁRAINN & SCOIL GHAELTACHTA & GAELCHOLÁISTE
# GR26 0518

Iarrann Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin iarratais ó iarrthóirí atá cáilithe go cuí agus a bhfuil taithí chuí acu chun painéal a bhunú do phost an Chúntóra Riachtanas Speisialta i scoileanna **T1 sa chás gurb í an Ghaeilge teanga na scoile i.e. scoileanna Gaeltachta, Gaelcholáistí agus aonaid Ghaeilge**. Bainfear úsáid as an bpainéal seo chun folúntais lánaimseartha agus pháirtaimseartha ar théarma seasta agus sainchuspóra a líonadh láithreach, chomh maith le haon fholúntais eile a d'fhéadfadh teacht chun cinn laistigh de GRETB le linn bhliain acadúil 2026/2027.

**Liosta Scoileanna Oileáin Árann, Scoileanna Gaeltachta agus Gaelcholáistí laistigh de réimse feidhmiúcháin an GRETB:**

| Scoil | Seoladh |
|---|---|
| Coláiste Naomh Eoin | Inis Meáin, Oileáin Árann |
| Coláiste Ghobnait | Inis Oírr, Oileáin Árann |
| Coláiste Naomh Éinne | Inis Mór, Oileáin Árann |
| Coláiste na Coiribe | Bóthar Bhaile na mBúrcach, Cnoc na Cathrach, Gaillimh |
| Coláiste an Eachréidh | Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe |
| Coláiste Cholmcille | Indreabhán, Co. na Gaillimhe |
| Coláiste na bPiarsach | Ros Muc, Co. na Gaillimhe |
| Coláiste Naomh Feichín | Corr na Móna, Co. na Gaillimhe |

**Teideal an Phoist: Cúntóír Riachtanas Speisialta**

**Nádúr na Fostaíochta**: **Téarma Socraithe, Sainchuspóir lánama/páirtaimseartha**

**CÚNTÓIR RIACHTANAS SPEISIALTA**

Soláthraíonn an Cúntóir Riachtanas Speisialta (CRS) seirbhísí riachtanacha neamh-mhúinteoireachta do dhaltaí a bhfuil riachtanais mheasta oideachais acu. Feidhmíonn an CRS i ról cúraim agus tacaíochta neamh-mhúinteoireachta. Leagann an Príomhoide amach a gcuid dualgas, ag feidhmiú thar ceann an Bhoird Bhainistíochta/Bhoird Oideachais agus Oiliúna (BOO). Maoirsíonn an Príomhoide nó múinteoir eile a gcuid oibre, de réir mar a chinneann an Príomhoide. Is é

príomhchúram an CRS ná a chinntiú go gcomhlíontar riachtanais chúraim agus tacaíochta na mac léinn ó lá go lá.

**Coinníollacha Seirbhíse:**

**Luach Saothair (Tuarastal):**
Is é an luach saothair a thairgtear ná an scála tuarastail CRS/SNA mar atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais agus Óige. Féadfar an luach saothair a choigeartú ó am go ham de réir bheartas pá an Rialtais. Féach, le do thoil, do Litir Chiorcláin 0006/2026 chun tuilleadh eolais a fháil faoin scála tuarastail reatha amhail ón 01.02.2026.

**Sonraíocht faoin bPearsa:**

**Riachtanach:**

Caithfidh iarratasóirí na riachtanais seo a leanas a shásamh:

- An t-íoschaighdeán oideachais le bheith ceaptha i bpost CRS, arb é sin mórcháilíocht ag Leibhéal 3 QQI (FETAC) ar an an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí nó trí Ghrád D sa Teastas Sóisearach nó a chomhionann;
- Sárscileanna cumarsáide agus idirphearsanta;
- An cumas dea-chaidreamh a thógáil le daltaí agus le comhghleacaithe;
- Sárscileanna ó thaobh eagair agus pleanála;
- Paisean do bheith ag obair le leanaí agus an cumas grúpaí daltaí a bhainistiú;
- An cumas iompraíocht dhúshlánach a bhainistiú go héifeachtach;
- Solúbthacht agus cruthaitheacht;
- An cumas oibriú mar bhall foirne;
- Scileanna maithe coinneáil taifid agus scríobh tuairiscí; agus
- An cumas discréid a thaispeáint i gcásanna íogair.

**Inmhianaithe:**

- Inniúlacht le dualgais an phoist a chomhlíonadh go héifeachtach trí mheán na Gaeilge.

**Caidreamh Oibre:**

- An Príomhoide agus foireann bainistíochta na scoile
- Baill na foirne múinteoireachta
- Baill eile den fhoireann tacaíochta
- Príomhoifig Riaracháin GRETB
- Mic léinn
- Tuismitheoirí

- Gníomhaireachtaí Tacaíochta Seachtracha

**Eochairthascanna:**

Áirítear i measc na ndualgas, tascanna den chineál neamh-mhúinteoireachta ar nós:

1. Ullmhú agus glanadh seomraí ranga;

2. Cuidiú le leanaí dul ar bord busanna scoile agus turlingt díobh. Nuair is gá, leanaí a thionlacan ar bord busanna scoile;

3. Cúnamh speisialta, de réir mar is gá, a chur ar fáil do leanaí le deacrachtaí ar leith e.g. cuidiú le daltaí riachtanas speisialta le clóscríobh nó scríobh nó ríomhairí nó le húsáid a bhaint as píosaí éagsúla trealaimh;

4. Cúnamh a sholáthar le héadach, le cothú, le húsáid leithris agus le sláinteachas ginearálta agus a bheith airdeallach ar riachtanais sláinte agus sábháilteachta an dalta;

5. Cuidiú le cuairteanna lasmuigh den scoil, le siúlóidí, le scrúduithe agus le himeachtaí comhchosúlacha;

6. Cuidiú le múinteoirí maoirseacht a dhéanamh ar dhaltaí le linn tréimhsí tionóil, siamsaíochta agus scaipthe;

7. Daoine aonair nó grúpaí beaga, ar ghá iad a thógáil as an seomra ranga go sealadach ar chúis amháin nó eile, a thionlacan;
8. Faoi threoir an Phríomhoide, cuidiú ar bhealach ginearálta leis na múinteoirí ranga trí dhualgais nach cinn mhúinteoireachta iad a chur i gcrích. (Ní ceadmhach do Chúntóirí Riachtanas Speisialta feidhmiú mar mhúinteoirí ar bhonn ionadaíochta ná ar bhonn sealadach. Ní ceart riamh iad a fhágáil ina n-aonar i bhfeighil ranga);

9. Dualgais eile, ag brath ar riachtanais na ndaltaí agus na scoile ó am go ham.

**Creat Inniúlachta CRS**

Is gá go mbeadh saineolas agus ardleibhéal inniúlachta ag CRSanna sna réimsí seo a leanas:

***1. Scileanna Cumarsáide agus Idirphearsanta***

- Sárchumarsáidí atá in ann daoine a spreagadh agus a mhisniú;

- Atá in ann dáimhiúlacht a bhunú go sciobtha;

- Atá ómósach agus a léiríonn ardéirim mhothúchánach; agus

- Duine le teacht aniar, a bhfuil foighne agus fuinneamh ann agus atá in ann coinneáil leis agus a bhíonn sócúlach faoi strus.

***2. Obair Bhuíne, Comhoibriú agus Solúbthacht***

- Cruthaíonn spiorad foirne, forbraíonn dea-chaidreamh oibre le daoine eile (CRSanna, múinteoirí agus foireann bainistíochta na scoile);
- Comhoibríonn le daoine eile, roinneann eolas atá úsáideach agus ábhartha, agus taithí;
- Solúbtha i gcur chuige, inoiriúnaithe i stíl oibre, agus oscailte d'athrú;
- Duine poncúil – bíonn in am don obair, leanann treoracha, beartais agus nósanna imeachta; agus
- In ann oibriú taobh le taobh le comhghleacaithe agus treoracha a ghlacadh uathu i dtimpeallacht chruógach.

***3. Pleanáil agus Eagrú***

- Pleanálann chun cinn agus eagraíonn an obair i gcaoi éifeachtach;
- Bainistíonn a c(h)uid ama agus t(h)osaíochtaí féin agus déanann ath-tosaíocht nuair is gá;
- Téann i mbun bearta a leanann nuair is gá;
- Déanann faireachán ar ghníomhaíochtaí oibre i gcoinne an phlean agus déanann beartaíocht cheartaitheach nuair is gá; agus
- Coinníonn taifid atá cruinn agus mionsonraithe de riachtanais agus dul chun cinn mic léinn.

***4. Tiomantas d'Fhoghlaim/d'Fhorbairt Ghairmiúil***

- Measann a (h)iompar féin go rialta, féachaint d'fhoghlaim agus d'fhorbairt leanúnach;
- Oscailte agus sofhreagrach d'aischothú dearfach maidir lena c(h)uid oibre;
- Léiríonn dúil sa bhfoghlaim agus lorgaíonn tacaíocht, comhairle agus treoir chuí;
- Léiríonn tionscnaíocht trí dheiseanna oiliúna agus forbartha a lorg; agus
- Freastalaíonn agus/nó glacann páirt ghníomhachil seimineáir agus comhdhálacha, nó in aon oiliúint eile a d'fhéadfadh a bheith cuidiúil dá ról.

**Conas Iarratas a Dhéanamh:**

**Ba cheart iarratais a dhéanamh tríd an tairseach ar líne atá ar fáil ag www.gretb.ie/jobs tráth nach déanaí ná <u>12 meán lae, Dé hAoine, an 19 Meitheamh 2026.</u>**

- Ní mór gach cuid den fhoirm iarratais a chomhlánú go hiomlán.

- Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an dáta agus an ama deiridh.

- Ní hionann duine a ligean isteach sa chomórtas seo, nó cuireadh a thabhairt dó/di trialacha a dhéanamh nó freastal ar agallamh, agus a rá go bhfuil an BOO sásta go gcomhlíonann an duine sin na riachtanais.

**TÁBHACHTACH:**
Tabhair faoi deara gur ar an iarratasóir atá an fhreagracht a chinntiú go bhfaightear gach iarratas in am. Ní bheidh GRETB freagrach as aon deacrachtaí teicniúla a bhíonn ag an seoltóir agus iarratais á gcur isteach aige/aici. **Dá bhrí sin, moltar go láidir d'iarrthóirí a n-iarratais a chur isteach i bhfad roimh an spriocdháta, is é sin 12 meán lae, Dé hAoine, an 19 Meitheamh 2026.**

Admhaímid go bhfuarthas gach iarratas. Déanaimid ár ndícheall a oiread fógra agus is féidir a thabhairt maidir le dátaí agallaimh, srl.; ba cheart d'iarrthóirí iad féin a chur ar fáil ar an dáta/na dátaí a shonraíonn GRETB.

**Próiseas Roghnúcháin**
D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh sa phróiseas roghnúcháin:

- Gearrliostú iarrthóirí ar bhonn na faisnéise atá ina n-iarratas
- Próiseas iomaíoch agallaimh
- Imréitigh shásúla AD (Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána, fíorú cáilíochtaí, Imréiteach Sláinte Ceirde, dhá theistiméireacht shásúla fostaíochta)

**Ceisteanna:**
Ba cheart aon cheisteanna a bhaineann leis an bpróiseas iarratais a sheoladh chuig recruitment@gretb.ie